

ÉIRE
IRELAND

19
.....
20 22



IMEACHT COMÓRTHA CÉAD BLIAIN - ÓSTÁN AN GRESHAM



AN GARDA SÍOCHÁNA
AN 24 BEALTAINÉ 2022

SCEIDEAL



6pm – Am Tosaigh.

Fáiltiú le sólaistí éadroma agus fíon / tae / caife.

6pm – Banna an Gharda Síochána – Ceol Cúlra.

7pm – Fáilte Ghinearálta – an Leas-Choimisinéir Anne Marie McMahon.

7.10pm – Aitheasc Tosaigh – an Coimisinéir Drew Harris.

7.20pm – Cur Síos ar an Ábhar – an Sáirsint John Reynolds.

7.30pm – Cur i Láthair ar na Luathbhlianta – an Dr Liam McNiffe.

8.00pm – Beidh an tUasal Cassin ina Modhnóir / Bean an Tí agus cuirfear tús le Plé an Phainéil.

9.15pm – Críochnófar Plé an Phainéil.

9.30pm – Críoch agus bronnadh bronntanas leis an Leas-Choimisinéir McMahon.



Brollach leis an gCoimisinéir

A chomhghleacaithe, a chairde,

Tá onóir orm fáilte a chur romhaibh go léir anseo leis an ócáid an-speisialta seo a cheiliúradh.



Bunaíodh Seirbhís Náisiúnta Póilíneachta agus Slándála na hÉireann, 'an Garda Síbhialta' nó 'an Garda Síochána' i Seomra 85 in Óstán an Gresham, Baile Átha Cliath an 9 Feabhra 1922 i rith chruinniú tionscnaimh an choiste bunaithe ar a raibh Mícheál Ó Coileáin, Cathaoirleach Rialtas Sealadach na hÉireann, cathaoirleacht ag an tráth sin.

Ba thráth cinniúnach an cruinniú seo i stair na hÉireann, cé gur thit sé amach go rúnda, agus chabhródh toradh an chruinnithe, ar deireadh thiar, leis an tseasmhacht a bhaint amach in Éirinn. Agus ceiliúradh á dhéanamh i mbliana ar ár gcomóradh céad bliain, tugaimid chun cuimhne focail chéad Choimisinéir an Gharda Síochána, Michael Staines, "Ní éireoidh leis an nGarda Síochána trí fhórsa arm nó líonta, ach de bharr a n-údaráis mhorálta mar sheirbhísigh na ndaoine".

Is é seo an misean a leanann de bheith i gceartlár gach rud a dhéanaimid. Tháinig deacrachtaí aníos fad a bhí ár n-eagraíocht ag teacht chun cinn le céad bliain anuas. I bhfírinne, tháinig an iomaí dúshlán romhainn a sháraíomar trínár stair anall, idir an chéad agus an dara glún de Ghardaí agus iad siúd go léir a dhéanann póilíníú ar Éirinn an-nua-aimseartha na linne seo.

Táimid bailithe le chéile anseo tráthnóna le comóradh a dhéanamh ar ár gcomhghleacaithe a bhí romhainn, agus a bhunaigh ár seirbhís. Cruthaíonn ár n-imeacht deis uathúil dúinn freisin lena fhiosrú ar bhaineamar amach idéil na ndaoine siúd a chas anseo 100 bliain ó shin trí mhachnamh a dhéanamh ar an am atá imithe thart, measúnú a dhéanamh ar an am i láthair agus breithniú a dhéanamh ar ról an Gharda Síochána amach anseo i dtaobh muintir na hÉireann a choimeád sábháilte.

Le meas agus buíochas,

JA Harris

Coimisinéir an Gharda Síochána



COISTE EAGRÚCHÁIN NA BPÓILÍNÍ, FEABHRA 1922



Réamhrá

B'imeacht cinniúnach é bunú an Gharda Sibhialta / an Gharda Síochána i bhFeabhra 1922 i stair na hÉireann agus chabhraigh sé le síocháin agus le seasmhacht a bhaint amach i dtír a bhí réabtha ag coimhlint i rith 'Chogadh na Saoirse'. Maraíodh breis agus 500 póilín agus bhí ganntanas póilíneachta ann ó cuireadh stop, go héifeachtach, le feidhmiú Chonstáblacht Ríoga na hÉireann mar fhórsa póilíneachta sibhialta.

I ndiaidh an tsosa cogaidh in Iúil 1921 agus an Chonartha Angla-Éireannaigh ina dhiaidh sin i Nollaig 1921, thit díospóireachtaí achrannacha agus conspóideacha amach sa Dáil sular chaith na teachtaí Dála a vóta an 7 Eanáir 1922. Daingníodh an Conradh trí fharasbarr beag seasca a ceathair vóta in aghaidh caoga a seacht vóta. Ach mar gheall gur dhiúltaigh líon mór TDanna agus óglaigh an IRA glacadh leis an toradh sin, thug Saorstát Éireann nuabhunaithe faoi Chogadh Cathartha, ar ndóigh.

Coiste Eagrúcháin na bPóilíní

Ba dhian an dualgas fórsa póilíneachta nua a bhunú, a oiliúint agus a chur chun feidhme nuair a chuirtear san áireamh go raibh Cogadh Cathartha ar tí titim amach. Thit scor foirmiúil Chonstáblacht Ríoga na hÉireann (an RIC) amach ag an tráth céanna ina raibh iarrachtaí á ndéanamh ag an rialtas sealadach na mílte earcach a aimsiú le teacht ina n-ionad. Thionóil Mícheál Ó Coileáin cruinniú le 'Coiste Eagrúcháin na bPóilíní' a bhunú, a thit amach i Seomra 85 in Óstán an Gresham Déardaoine, an 9 Feabhra 1922 ag 7.00 pm.




Theastaigh póilíní taithíocha gairmiúla ón gCoileánach le hoiliúint a chur ar earcaigh don fhórsa nua, nuair a chuirtear san áireamh gurbh óglaigh an IRA nach raibh aon taithí phóilíneachta acu roimhe sin acu ba mhó a bheadh san fhórsa. Póilíní a bhí ag fónamh i gConstáblacht Ríoga na hÉireann agus i bPóilíní Chathair Átha Cliath a bhí i dtromlach Choiste Eagrúcháin na bPóilíní.

Roghnaigh an Coileánach na póilíní seo nó mhol ceannasaithe áitiúla an IRA iad mar gheall gur léirigh siad bá ar son na cúise náisiúnaí i rith na coimhlinte, gur oibrigh siad go gníomhach don Choileánach agus faisnéis á tabhairt acu don IRA, nó gur cheap a naimhde fiú gurbh Éireannaigh fhónta agus onóracha iad, a bhí tiomanta dá ndualgas a chomhlíonadh mar phóilíní.

Mhol Coiste Eagrúcháin na bPóilíní go mbeadh líon 4,300 fear sa Gharda Sibhialta agus go mbeadh Coimisinéir atá freagrach leis an rialtas i gceannas air. Ba thábhachtach gur bheag difear a bheadh idir an fórsa agus an RIC ó thaobh struchtúir, oiliúna nó imlonnú, cé go mbeadh éide, struchtúr céimeanna agus ionchomharthaí nua ag an nGarda Sibhialta. Beartaíodh, ag an bpointe sin go mbeadh 'arm éadrom' ag an nGarda Sibhialta agus go mbeadh gunnáin ar iompar acu.

D'iarr Mícheál Ó Coileáin ar Churchill go gcuirfí moill ar scor iomlán an RIC le dóthain ama a thabhairt don Gharda Sibhialta a bhunú.





Earcaíocht

Thosaigh earcaíocht láithreach bonn agus iarradh ar an oifigeach i gceannas ar gach briogáid den IRA óglaigh oiriúnacha a mholadh óna gcéimeanna mar earcaigh fhéideartha. Bhí áis mhór oiliúna a d'fhéadfadh freastal ar a mhéid le 4,000 earcach ag teastáil go práinneach, ach bhí losta Pháirc an Fhionnuisce áitithe ag Constáblacht Ríoga na hÉireann go fóill. Chuir Stiúrthóir an RDS i nDroichead na Dothra an t-áitreabh sin ar fáil, agus glacadh leis tar éis don Choimisinéir Staines cigireacht a dhéanamh air.

Aisteach go leor, thosaigh earcaigh ag teacht i láthair ag an RDS díreach dhá lá dhéag i ndiaidh do Choiste Eagrúcháin na bPóilíní a chéad chruinniú a thionól ag Óstán an Gresham agus iontráladh iad ar chlár an Gharda Shibhialta mar chéad comhaltaí an fhórsa nua.

Rinne an Coileánach an chéad tagairt phoiblí an 5 Márta 1922 don fhórsa póilíneachta nua i rith óráide ag Faiche an Choláiste i mBaile Átha Cliath, agus dúirt sé gur theastaigh uaidh 'tacaíocht na ndaoine leis na póilíní nua atá á mbunú againn ... garda na ndaoine a bheidh ann ar mhaithe le gach aicme agus duine a chosaint'.



AN LUCHT FREASTAIL AR CHRUINNIÚ CHOISTE EAGRÚCHÁIN NA BPÓILÍNÍ

Mícheál Ó Coileáin

Richard Mulcahy

Éamon Duggan

Michael Staines

Eoin O'Duffy

Éamon Broy

Patrick Walsh

Jeremiah Maher

Joe Ring

Thomas J. McElligott

Edmond Prendiville

James P. Foley

James Brennan

Patrick Riordan

Patrick Harte

Patrick Brennan

John A. Kearney

Matthias McCarthy

Martin Lynch

John Galligan

Michael McCormack

Michael Kelly

Thomas Neary





SUAITHEANTAS AN GHARDA SÍOCHÁNA

Dhear múinteoir ealaíne i scoil theicniúil sa Charraig Dhubh, Contae Bhaile Átha Cliath agus cara leis an gCoimisinéir Michael Staines, John Francis Maxwell (1880-1948), suaithantas an Gharda Síochána.

Ardchros Cheilteach ar a bhfuil ceithre shraith snaidhmeanna Ceilteacha, a léiríonn ceithre chúige na hÉireann, atá sa suaithantas. Tá na litreacha ornáideacha ceangailte 'G.S.' inisealacha 'an Garda Síochána', i lár an tsuaithentais. Tá 'Garda Síochána na hÉireann' scríofa ar an bhfáinne imeallach, a chiallaíonn 'Caomhnóirí Síochána na hÉireann'.

Tá gnéithe ó lámhscríbhinní ársa Éireannach san ionchomhartha ar leith agus sainiúil seo agus léiríonn sé uaillmhianta agus tírghrá na bhfear a bhunaigh an Garda Síochána agus Saorstát Éireann i 1922.





BANNA AN GHARDA SÍOCHÁNA

Bunaíodh Banna an Gharda Síochána go gairid i ndiaidh gur bunaíodh an Garda Síochána. Sheinn siad an chéad uair go poiblí ar Ché Dhún Laoghaire ar Luan Cásca 1923. Chuaigh an Banna i gcion chomh mór sin ar dhaoine gur tugadh cuireadh dóibh seinm ag ócáidí agus ag imeachtaí éagsúla ar fud na tíre. Bunaíodh banna céilí, banna píob agus ceolfhoireann damhsa laistigh dá chéimeanna faoi stiúir an chéad Bhannamháistir, an Ceannfort D.J. Delaney.

Cónascadh Banna Cathrach Bhaile Átha Cliath an Gharda Síochána (a bhí bunaithe ar Shráid Chaoimhín) agus Banna an Gharda Síochána i 1938. Bhí an banna nua bunaithe ag an losta i bPáirc an Fhionnuisce. Rinne an Banna camchuairt i 1964 ar Stáit Aontaithe Mheiriceá agus ar Cheanada faoi stiúir an Bhannamháistir, an Ceannfort J. Moloney. Scoireadh an Banna an bhliain dar gcionn ach athbhunaíodh é i 1972 le comóradh 50 bliain ar bhunú an Gharda Síochána a cheiliúradh.

Seachas ceol a sholáthar d'ócáidí oifigiúla an Gharda Síochána (ar nós searmanais bhronnta cáilíochta ag Coláiste an Gharda Síochána), tugann an Banna faoi chlár cuimsitheach atá dírithe ar an bpobal gach bliain ina seinneann siad ag scoileanna, féilte agus imeachtaí spóirt. Tá siad ag seinm le fada an lá ag Bóthar Lansdún nuair a bhíonn cluichí idirnáisiúnta rugbaí agus sacair ar siúl, ag Mórshiúl Lá Fhéile Pádraig i mBaile Átha Cliath agus ag Féile Rós Thrá Lí.

Thaistil an Banna chuig go leor imeachtaí idirnáisiúnta agus rinne siad ionadaíocht don tír roinnt uaireanta ag féilte agus ceolchoirmeacha póilíní san Eilvéis, sa Ghearmáin agus i dTuaisceart Éireann.





MODHNÓIR / BEAN AN TÍ

Anne Cassin
Láithreoir RTÉ

Láithreoir í Anne Cassin le Príomhchlár teilifíse RTÉ 'Nationwide' le 10 mbliana anuas a thugann glór do phobail agus do scéalta ó áiteanna fud fad na hÉireann. Caitheann sí go leor ama ar an mbóthar – agus scoth na hÉireann á chur i láthair, cibé acu más an cultúr, gnó, turasóireacht nó an domhan nádúrtha é. Tá scéal faighte aici faoin tráth seo ó gach contae. I measc na dturas a rinneadh le déanaí, tá comóradh 30 bliain ar lontaobhas Séadchomharthaí na hÉireann, Sligeach leis an amhránaí Tommy Fleming, leagan níos giorra de Ulysses, agus Conair Rothar Chuan Mó.

Cúis ar leith bhróid di nár cuireadh stop le Nationwide a thaifeadadh i rith na paindéime: lean sé le scéalta agus ábhar a sholáthar do mhuintir na hÉireann.

Cuireadh tús le gairm bheatha Anne le RTÉ mar Láithreoir Leanúnachais i 1988, sular aistrigh sí chuig an Seomra Nuachta, áit ar phléigh sí an Pholaitíocht, Tuaisceart Éireann, Gnóthaí Eorpacha agus na Cluichí Oilimpeacha sula ndearnadh Láithreoir Spóirt agus Láithreoir Nuachta di ina dhiaidh sin.

Rinne Anne na cláir 'Capital D' agus 'Crimecall' a chur i láthair le linn a gairme beatha teilifíse ar feadh 5 bliana agus chas sí le go leor comhaltaí an Gharda Síochána i rith a cuid oibre. Cónaíonn sí i mBaile Átha Cliath lena fear céile agus tá triúr leanaí aici. Tá spéis aici a bheith ag rith, sa léitheoireacht agus san oidhreacht.





CAINTEOIR ÓN BPAINÉAL

Coimisinéir an Gharda Síochána,
Drew Harris
An Garda Síochána

Buaicphointí Gairme: Tá taithí phóilíneachta 34 bliain ag an gCoimisinéir Drew Harris le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (an PSNI) sular thosaigh sé ag oibriú leis an nGarda Síochána. Tá freagracht air sa ról atá aige faoi láthair mar Choimisinéir an Gharda Síochána as Póilíneacht agus Slándáil Stáit d'Éirinn. Tá thart ar 18,000 pearsanra sa Gharda Síochána, breis agus ina measc siúd, tá 14,500 comhalta an Gharda Síochána a ghlac mionn oifige, thart ar 400 comhalta de Chúltaca an Gharda Síochána agus breis agus 3,000 comhalta foirne an Gharda Síochána a oibríonn i ról riaracháin agus tacaíochta.

Bhí sé ina Leas-Ardchonstábla ar an PSNI roimhe seo, ról ina raibh freagracht ar leith air as bainistíocht feidhmíochta agus athruithe. Bhí sé freagrach chomh maith roimhe seo as Roinn Oibríochtaí Coireachta Sheirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann agus aithnítear é mar shaineolaí náisiúnta ar dhéileáil le hoibríochtaí póilíneachta ceilte ardriosca agus le teagmhais chriticiúla. Ceapadh é in 2013 mar shaineolaí ardleibhéil le Coiste Pharlaimint na hEorpa a thuairiscíonn ar choireacht eagraithe agus ar chaimiléireacht.

Bhí sé i gceannas ar phortfóilió Coireachta Fuatha Chumann Príomhoifigigh Phóilíní na Ríochta Aontaithe ar feadh ocht mbliana, ról inar ghlac sé ceannas ar an bhfreagairt cheartais choiriúil a fheabhsú d'íospartaigh, rátaí braite a fheabhsú agus bailiú sonraí a fheabhsú. Mar Ardchonstábla Cúnta, bhí Drew i gceannas freisin ar thionscnaimh an PSNI inar ghlac sé le freagracht as ciontóirí gnéis a bhainistiú agus as Aonaid Chosanta Poiblí a thabhairt isteach. Chríochnaigh sé iasacht dhá bhliain i gcéim Cheannfóir le Cigire Constáblachta na Banríona, Albain in 2002. Tá sé pósta le Jane agus tá ceathrar leanaí fásta acu. Bronnadh Ord Impireacht na Breataine (OBE) air in 2010 agus Bonn Póilín na Banríona (QPM) air in 2019.

Cáilíochtaí:

- Céim Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) sa Pholaitíocht agus san Eacnamaíocht, an Ollscoil Oscailte (1997)
- Máistir sa Chuireolaíocht, Ollscoil Cambridge (2007)
- Cúrsa Ceannais Straitéisigh (2004)
- Cúrsa Ceannaireachta i bhFrithsheimhlitheoireacht Idirnáisiúnta (2006)
- Clár Institiúid Náisiúnta Feidhmiúcháin an FBI d'oifigigh shinsearach um fhorfheidhmiú dlí (2010)





CAINTEOIR ÓN BPAINÉAL

An Sáirsint John Reynolds
An Garda Síochána

Sáirsint atá ag fónamh leis an nGarda Síochána é John Reynolds agus bhunaigh sé Músaem Choláiste an Gharda Síochána in 2001. Tá PhD bainte amach aige ó Ollscoil Luimnigh agus bhí sé ina údar ar roinnt ailt irisleabhair agus ar dhá leabhar, '46 men dead, the Royal Irish Constabulary in County Tipperary 1919-22' agus 'The Templemore Miracles, 1920'.



CAINTEOIR ÓN BPAINÉAL

An Dr Liam McNiffe
Staraí, Údar agus Múinteoir

Ó Bhéal an Átha Móir i gContae Liatroma é an Dr McNiffe ó dhúchas agus is staraí, údar agus múinteoir é. Tá Máistir Ealaíon (MA) agus Ph.D. bainte amach aige ó Ollscoil na hÉireann, Má Nuad chomh maith le Máistir i mBainistíocht Oideachais ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Tar éis dó dul ar scor mar Phríomhoide ar Choláiste Phádraig sa Chabhán, d'fhoilsigh sé 'Pounding, Praying and Playing' (2014), cuntas pearsanta ar an am a chaith sé mar scoláire ann sna 1970idí. D'fhoilsigh sé roinnt leabhair eile, an chéad staidéar acadúil ar an bhFórsa, 'A History of the Garda Síochána' (1997) san áireamh. Ó chuaigh sé ar scor rinne sé léachtóireacht páirtaimseartha ar feadh cúpla bliain d'iarchéimithe sa Roinn Oideachais in Ollscoil Mhá Nuad. D'oibrigh sé le Leabharlann Chontae na Mí agus le Ceardlann Taistealaithe na Mí agus d'fhoilsigh sé Traveller Genealogy, A Course Manual in 2020. Déanann sé léachtóireacht freisin i Stair na hEalaíne, stair áitiúil agus ag imeachtaí comórtha céad bliain. Tá cónaí ar Liam i gCeanannas lena theaghlach le breis agus daichead bliain anuas.





CAINTEOIR ÓN BPAINÉAL

Nóirín O'Sullivan**Iar-Choimisinéir an Gharda Síochána
(2014 go 2017)**

Ceannasaí Cumasach Feidhmiúcháin í Nóirín O'Sullivan sa timpeallacht um fhorfheidhmiú dlí idirnáisiúnta, faisnéise, agus sábháilteachta agus slándála domhanda.

Bhain Nóirín an stair amach in 2014 nuair a ceapadh í mar 20ú Coimisinéir an Gharda Síochána, an chéad bhean a raibh an post sin aici. Thosaigh sí ag oibriú leis an nGarda Síochána i 1981 agus bhain sí roinnt céimeanna amach trí oibriú go hoibríochtúil i limistéar na ndrugaí agus na coireachta eagraithe, agus rinneadh an chéad bhean di a d'fhóin i mbrainse Bleachtairí i ngach céim a airde le hArd-Cheannfort, an chéim sin san áireamh. Ba í an chéad bhean a ceapadh mar Choimisinéir Cúnta le freagracht as Slándáil agus Faisnéis in 2009, agus bhain sí an stair amach in 2011 nuair a ceapadh í mar Leas-Choimisinéir le freagracht as na hoibríochtaí póilíneachta agus slándála náisiúnta agus idirnáisiúnta go léir agus í ar an gcéad bhean a ceapadh leis an ról sin riamh.

Tar eis di dul ar scor in 2017, chuaigh Nóirín san iomaíocht le ceapachán mar Ard-Rúnaí Cúnta Sábháilteachta agus Slándála na Náisiún Aontaithe agus d'éirigh léi an post, bhí bunaithe i Nua-Eabhrac, a fháil (ó 2018 go 2021). Bhí an roinn freagrach as réitigh rioscabhunaithe agus as comhairle slándála gairmiúla a sholáthar le sábháilteacht agus slándáil phearsanra, áitreabh agus shócmhainní an NA a chinntiú, i gcuid de na timpeallachtaí is airde riosca, is casta agus is dúshlánaí timpeall an domhain.

Is céimí í Nóirín le hInstitiúid Náisiúnta Feidhmiúcháin (NEI) an FBI. Tá Baitsiléir Ealaíon (B.A.) agus Máistir sa Staidéar Gnó bainte amach aici ó Scoil Ghnó Michael Smurfit, UCD. Bronnadh roinnt mhaith aitheantas agus gradam uirthi, Gradam Alumni Foundation Day sa Ghnó ó UCD san áireamh. Bhronn Ollscoil Uladh Dochtúireacht Dlíthe oinigh ar Nóirín i ngeall ar Sheirbhís Phoiblí Ghradamach.

Chaith sé dhá théarma ag oibriú le Comhairle Rialaithe Chumann Cógaiseoirí na hÉireann. Is comhalta í de Bord Comhairleach Mheiriceá Thuaidh de Scoil Ghnó larchéime Michael Smurfit UCD, agus oibríonn sí ar Bhord an Ospidéil Náisiúnta Mháithreachais. Gníomhaíonn sí faoi láthair mar shainchomhairleoir agus comhairleoir neamhspleách. Tá Nóirín pósta agus tá triúr mac aici.



CAINTEOIR ÓN BPAINÉAL

Nora Owen
Iar-Aire Dlí agus Cirt
(1994 go 1997)



Bhí Nora ina comhalta de Dháil Éireann ó 1981 go 1987 agus ó 1989 go 2002. Bhí roinnt poist pholaitíochta aici le linn na tréimhse 20 bliain a chaith sí leis an bpolaitíocht.

Ba Leas-Cheannaire Pháirtí Fhine Gael í ó 1993 go 2000.

B'Aire Dlí agus Cirt í ó 1994 go 1997.

Chaith Nora roinnt ama in Ruanda mar oibrí deonach le Concern i 1994 agus ghlac sí páirt in oiliúint Pharlaiminteach san Afraic, san Áise agus san Eoraip le NDI (Stáit Aontaithe Mheiriceá) agus AWEPA.

D'fhóin Nora ar an mBord mar Leas-Chathaoirleach Concern Worldwide.

Tá Baitsiléir Eolaíochta sa Cheimic agus Bithcheimic agus Teastas Dlí Gnó bainte amach aici.

Tá sí ina Cathaoirleach faoi láthair ar Choiste Gnóthaí Dlí agus Cirt agus Baile na hInstitiúide Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha agus fónann sí ar an mBord.

Rinne sí cathaoirleacht ar an Sainghrúpa um Chúnamh Forbartha agus thuairiscigh sí leis an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar feadh 5 bliana.

Is Cathaoirleach í faoi láthair ar an nGrúpa Maoirseachta um Mná, um an tSíocháin agus um an tSlándáil sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Is Comhalta Boird í de Safeguarding Ireland.

Ghníomhaigh sí mar Láithreoir Teilifíse ar chlár TV3 agus rinne sí 'Mastermind' a chur i láthair ar TV3 agus bhí sí ina tráchttaire freisin ar roinnt clár raidió agus theilifíse.





CAINTEOIR ÓN BPAINÉAL

Michael Staines

Abhcóide Sinsearach agus Aturnae.

Bhain Michael Staines Baitsiléir Dlí Shibhialta (BCL) amach ó UCD i 1973 agus Céim Mháistir Onóracha sa Dlí i 1975. Bhain sé cáilíocht amach idir an dá linn mar aturnae i 1974. Rinne sé staidéar ansin ar lmeascadh ag Ollscoil Amstardam agus bhain sé dioplóma iarchéime amach.

Thosaigh sé ag oibriú mar aturnae i gcleachtas sibhialta i 1976 agus thosaigh sé ag oibriú dhá bhliain ina dhiaidh sin le cleachtas dlí choiriúil, agus rinneadh comhpháirtí de ina dhiaidh sin. Bhunaigh sé an gnóthas Michael J. Staines & Company i 1985. Scríobh sé go leor ailt dlí agus rinne sé léachtóireacht fhairsing, go háirithe maidir le dlí coiriúil. Tháinig sé i láthair mar abhcóide i ngach cúirt agus bhí baint aige le go leor cásanna móra le rá.

Ba chomhalta é de Dhlí-Chumann na hÉireann. Bhí sé ina chathaoirleach ar Choiste Dlí Choiriúil an Dlí-Chumainn.

Bhí sé i measc an chéad ghrúpa Aturnaetha ar deonaíodh Paitinn Tosaíochta dóibh riamh i Meán Fómhair leis an teideal Abhcóide Sinsearach a úsáid.



STAMPA AN GHARDA SÍOCHÁNA



An Stampa Náisiúnta (Stair 100 Bliain an Gharda Shibhialta).

Déanann Éire comóradh in 2022 ar chomóradh céad bliain ar thrí imeacht chinniúnacha ar bunaíodh Saorstát Éireann mar thoradh orthu. d'eisigh An Post sraith trí stampa i rith ráithe a haon le comóradh a dhéanamh ar aistriú foirmiúil Chaisleán Bhaile Átha Cliath chuig an Saorstát, bunú an Gharda Shibhialta agus Arm na hÉireann.

Déanann an stampa seo comóradh ar fhórsa póilíneachta nua, an Garda Sibhialta, a bhunú i 1922 ag an Rialtas Sealadach, a dtabharfaí an Garda Síochána air ina dhiaidh sin. Tá leaganacha speisialta ann freisin ar a dtugtar 'clúdaigh chéad lae' atá ina n-earraí a mbíonn spéis ag bailitheoirí iontu nó ina mbronntanais dheasa.

Tá na stampaí agus na leaganacha speisialta ar fáil laistigh d'Ard-Oifig an Phoist ag cuntair 20 agus 21, arb iad siúd an t-asraon miondíola do stampaí ar leaganacha speisialta iad agus d'earraí a mbíonn spéis ag bailitheoirí iontu. Tá siad ar fáil freisin ó láithreán gréasáin An Post, agus níl aon chostas breise ar phostas laistigh d'Éirinn.



NÓTAÍ PLÉ AN PHAINÉIL



ÉIRE

IRELAND

19 22
.....
20



BUÍOCHAS

Ba mhaith le Coiste Imeachtaí Comórtha Náisiúnta Céad Bliain an Gharda Síochána a mbuíochas ó chroí a chur in iúl do na rannchuiditheoirí, an lucht freastail, na cainteoirí agus dóibh siúd go léir a chabhraigh lenár nImeacht Comórtha Céad Bliain tábhachtach a cuireadh ar siúl ag Óstán an Gresham Dé Máirt, an 24 Bealtaine 2022.

